# Ceacht 23

## Éirim Mhothúchánach

**Spriocanna Foghlama**

**Ag deireadh na gníomhaíochta seo, beidh rannpháirtithe in ann;**

- An téarma 'éirim mhothúchánach' a shainmhíniú.
- Na cúig ghné den éirim mhothúchánach a aithint.
- An fáth go bhfuil sé tábhachtach do dhéagóirí a n-éirim mhothúchánach a fhorbairt agus iad ag fás aníos a aithint.

**Acmhainní le hAghaidh an Cheachta Seo**

- PowerPoint an Cheachta
- Dialann an Dalta
- Rochtain ar ghearrthóg YouTube ina léirítear éirim mhothúchánach sa scannán 'Inside Out'
- Ceacht 23 Scannán 'Inside Out' - Achoimre

**Réamhrá**

Sa cheacht seo, féachfaidh daltaí ar bhrí agus ar thábhacht na héirime mothúchánaí. Beidh teagmháil déanta ag na daltaí cheana féin leis seo sa rang OSPS, mar sin tá sé tábhachtach tagairt a dhéanamh dó agus a gcuid réamheolais ar an ábhar a mholadh. Déantar tagairt sa cheacht seo don scannán 'Inside Out' a ndearna na daltaí staidéar air i rith Chlár Folláine 'Cothaigh' Bliain a hAon. Bain leas as tuiscint, smaointe agus eispéiris na ndaltaí ar an topaic seo. Is topaic é a ligeann do phlé agus do roinnt smaointe sa rang go minic. Cinntigh go bhfuil daltaí measúil agus airdeallach ar thuairimí a gcomhpháirtithe ranga.

**Uimhir Sleamhnáin & Ábhar**

- SLEAMHNÁN UIMH. 1 - Réamhrá.
- SLEAMHNÁN UIMH. 2 - Spriocanna Foghlama agus Táscairí na Folláine aitheanta.
- SLEAMHNÁN UIMH. 3 - Mínigh agus pléigh Éirim Mhothúchánach. Beidh tuiscint ag na daltaí air seo agus mar sin, bheadh sé dearfach a réamheolas ón rang OSPS a nascadh.
- SLEAMHNÁN UIMH. 4 - Mínigh agus pléigh 5 ghné thábhachtacha na hÉirime Mothúchánaí (féinfheasacht, féinrialúchán, spreagadh, comhbhá agus scileanna sóisialta Cuirtear sainmhínithe ar fáil agus moltar leis an dea-chleachtas iarraidh ar na daltaí a samplaí féin a thabhairt de gach ceann.
- SLEAMHNÁN UIMH. 5 - Iarr ar dhaltaí an scannán 'Inside Out' a thabhairt chun cuimhne a ndearna siad staidéar air i rith Chlár Folláine 'Cothaigh' Bliain a hAon. Chun meabhrú dóibh, nó dóibh siúd nach ndearna clár Cothaigh Bhliain a hAon, cuirtear achoimre den scannán ar fáil i gCeacht 23 - Achoimre ar an Scannán 'Inside Out'.
- SLEAMHNÁN UIMH. 6 - Gearrthóg YouTube (leabaithe sa chur i láthair PowerPoint). Féach ar an ngearrthóg YouTube ina léirítear éirim mhothúchánach sa scannán 'Inside Out'.
- SLEAMHNÁN UIMH. 7 - Mínigh na cúiseanna a bhfuil an éirim mhothúchánach tábhachtach do dhéagóirí agus pléigh é sin le do dhaltaí.
- SLEAMHNÁN UIMH. 8 - Mol cúig bhealach le bheith níos éirimiúla go mothúchánach.
- SLEAMHNÁN UIMH. 9 - Pléigh an ráiteas 'Seans go ndéanfaidh siad dearmad ar an méid a dúirt tú, ach ní dhéanfaidh siad dearmad ar an gcaoi ar bhraith siad mar thoradh air'. Spreag daltaí chun tuilleadh a rá faoin bhfáth go bhfuil sé chomh tábhachtach do mhothúcháin féin, mothúcháin daoine eile agus mothúcháin grúpaí a aithint, a thabhairt faoi deara agus a rialú.
- SLEAMHNÁN UIMH. 10 - Gníomhaíocht Dialainne: Déanann daltaí Gníomhaíocht Dialainne (A) ar leathanaigh 56 & 57 ina nDialann.
- SLEAMHNÁN UIMH. 11 - Aiseolas ó dhaltaí. Bailigh aiseolas ó dhaltaí.
- SLEAMHNÁN UIMH. 12 - Athbhreithniú ar Spriocanna Foghlama.
- SLEAMHNÁN UIMH. 13 - Soilse Tráchta agus Táscairí na Folláine.

**Athbhreithniú Ceachta**

- Iarr ar dhaltaí an méid atá foghlamtha acu a aithint trí úsáid a bhaint as an modh foghlama gníomhaí 3-2-1.
- Déanfaidh daltaí machnamh ansin ar a dtuiscint ar an méid a d'fhoghlaim siad ag úsáid an chórais soilse tráchta.
- Ar deireadh, ba chóir do dhaltaí machnamh a dhéanamh ar cé acu de 6 tháscaire na folláine a d'úsáid siad sa cheacht seo.